Tuarascáil Bhliantúil 2005

Is é An Post oibritheoir poist náisiúnta na hÉireann. Ní hamháin go gclúdaíonn líonra An Post dáileadh poist ach áirítear ann seirbhísí loighistice agus airgeadais agus soláthraítear raon leathan seirbhísí do chustaiméirí gnó agus pearsanta araon.

Do thuilleadh eolais ar An Post, féach ar

www.anpost.ie

Tá Tuarascáil Bhliantúil An Post 2005 ar fáil freisin i mBearla.

CLÁR

2 Buaicphointí Airgeadais

3 Treochtaí Airgeadais

12 Bord Stiúrthóirí agus Faisnéis Chorparáideach

14 Ráiteas an Chathaoirligh

16 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

19 Bainistíocht

20 Athbhreithniú Airgeadais

22 Oibleagáid Seirbhíse Uilíoch

25 Ardchaighdeán na Seirbhíse Poist

26 Eisiúintí Stampaí agus Foilseacháin Bailithe Stampaí

27 Innéacs do na Ráitis Airgeadais

Buaicphointí Airgeadais

	2005	2004 *(athluaite do FRS17)*	2004 *(mar a tuairiscíodh faoi SSAP24)*
	€m	€m	€m
Láimhdeachas	752.9	750.2	750.2
Brabús/(caillteanas) oibriúcháin	16.2	(3.0)	1.8
Míreanna eisceachtúla	19.3	5.3	5.3
Brabús don bhliain airgeadais	40.7	11.1	6.5
Brabús/(caillteanas) oibriúcháin mar % den láimhdeachas	2.2%	(0.4%)	0.2%





Treochtaí Airgeadais

Láimhdeachas €m



Iomlán na gCostas Oibriúcháin €m



Brabús/(Caillteanas) oibriúcháin €m



Socmhainní Dochta Inláimhsithe – Caitheamh €m



Nóta: tá 2004 agus blianta roimhe sin mar a tuairiscíodh faoi SSAP 24 – Cuntasú do Chostais Phinsin.

SRUTHANNA NUA IONCAIM

TÁ PLEANANNA AR BUN CHUN RAON NÍOS LEITHNE SEIRBHÍSÍ AGUS TÁIRGÍ AIRGEADAIS A SHOLÁTHAR TRÍ LÍONRA OIFIG AN PHOIST I GCOMHAR LE HINSTITIÚID AIRGEADAIS SEANBHUNAITHE.

DEARCADH

AG DÍRIÚ GO LEANÚNACH AR ATHRÚ AGUS AR ÉIFEACHTÚLACHT LE BÉIM NÍOS MÓ AR FHREASTAL AR RIACHTANAIS CHUSTAIMÉIRÍ ATÁ AG ATHRÚ.

15 J.GRO
POST OFFICE

SLÁNDÁIL

TÁ TIONSCADAL FEABHSÚCHÁIN SLÁNDÁLA BUNAITHE AGAINN CHUN FEABHAS A CHUR AR SHÁBHÁILTEACHT ÁR GCUSTAIMÉIRÍ AGUS ÁR BHFOIRNE.

ATHRÚ

TÁIMID AG FEIDHMIÚ CLÁR OLLMHÓR ATHRAITHE INÁR BPRÓISIS BAILITHE AGUS SEACHADTA POIST.

SWIFTPOST

Bord Stiúrthóirí

Margaret McGinley, B.A., LL.B.
Cathaoirleach – 2,3,4,5,6
Aois 46
Ceaptha 4 Feabhra, 2003
an dara téarma

Ceapadh Mary McGinley Uasal ina Cathaoirleach i mí Feabhra 2003, tar éis di a bheith ag fónamh mar stiúrthóir ar An Post le cúig bhliana. Is páirtnéir í i McGinley & Co. Aturnaetha, Baile na nGallóglach agus Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

Patrick Compton
Fostaí – Stiúrthóir – 2
Aois 49
Ceaptha 1 Samhain, 2004
an ceathrú téarma

Tá an tUasal Compton ag obair sa tseirbhís phoist le tríocha a trí bliain anuas agus is é an post atá aige faoi láthair ná Comhordaitheoir Comhpháirtíochta, bunaithe i Ros Comáin. Bhí sé ina chomhalta d'fheidhmeannas náisiúnta Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide ar feadh fiche a dó bliain agus ina uachtarán air i 1986. Tá sé gníomhach i bhforbairt phobail ina cheantar áitiúil agus is comhalta é de Bhord Leader na hAirgní agus de Bhord Forbartha Ros Comáin.

Jerry Condon
Fostaí Stiúrthóir – 4
Aois 52
Ceaptha 1 Samhain, 2004
tríú téarma

Thosaigh an tUasal Condon ag obair leis an Roinn Poist agus Telegrafa i 1971 agus d'oibrigh sé mar Chléireach Oifige Poist dá shlí bheatha ar fad. Bhí sé ina chomhalta gníomhach de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide le linn a shlí beatha agus d'fhóin sé ar fheidhmeannas náisiúnta an cheardchumainn sin ar feadh trí bliana déag.

Donal Curtin, B.E. (Leic.)
Stiúrthóir – 2,4,6
Aois 58
Ceaptha 14 Iúil, 2003

Ceapadh an tUasal Curtin ina Phríomhfheidhmeannach in Iúil 2003, agus tá sé ina Chathoirleach ar Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post chomh maith. Sular thosaigh sé ag obair le An Post, bhí gairm bheatha shuntasach aige ar leibhéal bainistíochta sinsearaí agus oibríochta i BSL, áit a raibh an post mar Stiúrthóir Tráchtála aige chomh maith le roinnt post ardleibhéil ina fhochuideachta – ESB International.

James Hyland, B.Comm., F.C.A., F.C.I.S., M.C.I.Arb., M.E.W.I.
Stiúrthóir – 1,3
Aois 70
Ceaptha 11 Nollaig, 2003

Bhí an tUasal Hyland ina Leas-Phríomhfheidhmeannach tráth ar Golden Vale Group agus bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Youghal Carpets plc. I láthair na huaire tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar James Hyland & Company, Cuntasóirí Fóiréinseacha, agus tá sé ina Chomhpháirtí Bainistíochta ar Hyland Johnson Murray, Cuntasóirí Cairte. Tá sé ina Chathaoirleach nó stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí freisin lena n-áirítear Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post.

Terry Kelleher, Diop. Caidrimh Thionscail
Fostaí – Stiúrthóir
Aois 38
Ceaptha 1 Samhain, 2004

Chuir an tUasal Kelleher tús lena shlí bheatha in An Post i 1987 nuair a chuaigh sé leis an gCuideachta mar Chúntóir Cléireachais. Tá sé fostaithe faoi láthair mar Oifigeach Cléireachais sa rannóg Aisíocaíochtaí Coigiltis in Ard-Oifig an Phoist. Is comhalta gníomhach agus iontaobhaí é ar Cheardchumann na Seirbhíse Sibhialta agus Poiblí, d'fhóin sé mar rúnaí craoibhe in An Post agus ar Fheidhmeannas Náisiúnta an Cheardchumainn.

Alice O'Flynn, B.A., M.Sc., Diop. Staidéar Dlí, Teastas i nDlí Tráchtála na hEorpa
Stiúrthóir – 1,5
Aois 53
Ceaptha 27 Bealtaine, 2002
an dara téarma

Chaith Alice O'Flynn Uasal an chuid is mó dá slí bheatha oibre sa státseirbhís ag obair mar Oifigeach Feidhmeannach agus Ard-Oifigeach Feidhmeannach sa Roinn Dlí agus Cirt agus ansin sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá sí ina Rúnaí Cúnta sa Roinn sin i láthair na huaire agus tá freagracht uirthi as acmhainní daonna, polasaí pinsin agus cúramóirí, forbairt chorparáideach agus iniúchadh inmheánach.

John Quinlivan, B.Sc. (Bainistíocht & Dlí), M.Sc. (Pleanáil Spáis), Diop. i Riarachán Poiblí
Stiúrthóir – 3
Aois 67
Ceaptha 9 Bealtaine, 2003

Bhí slí bheatha fhada ag an Uasal Quinlivan i rialtas áitiúil, ag fónamh i bpoist shinsearacha i naoi gcontae, lena n-áirítear cúig bhliana déag mar Bhainisteoir Chontae Lú. D'fhóin sé ar feadh cúig bhliana mar chomhalta den Údarás um Bóithre Náisiúnta agus d'fhóin sé mar chomhalta de Bhord Seirbhísí Bainistíochta an rialtais áitiúil agus Bord Ríomhaireachta an rialtais áitiúil agus An Chomhairle.

Patrick Davoren
Fostaí – Stiúrthóir – 1,6
Aois 56
Ceaptha 1 Samhain, 2004
an ceathrú téarma

Thosaigh an tUasal Davoren ag obair leis an Roinn Poist agus Telegrafa i 1965 agus bhí sé ag obair mar Chléireach Oifige Poist dá shlí bheatha ar fad. Bhí sé ina chomhalta gníomhach de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide i rith a shlí bheatha. Bhí sé ina chisteoir don chraobh áitiúil ar feadh scór bliain agus d'fhóin sé ar fheidhmeannas náisiúnta an cheardchumainn ar feadh dhá bhliain.

Thomas Devlin
Fostaí – Stiúrthóir
Aois 46
Ceaptha 1 Samhain, 2004

Thosaigh an tUasal Devlin a shlí bheatha in Oifig an Phoist i 1976 nuair a chuaigh sé leis an Roinn Poist agus Telegrafa mar Fhear Poist Sóisearach ag obair mar theachtaire in Oifig an Aire. Tá sé fostaithe faoi láthair mar Chigire ar Fhir Poist ag Áras Beartán Áth an Ghainimh. Is comhalta gníomhach é de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide, d'fhóin sé ar an bhFeidhmeannas Náisiúnta ar feadh dhá bhliain agus bhí sé ina Chathoirleach ar Chraobh Tiománaithe SDS ó 1996 go dtí 2004.

Louise English, B. Comm., F.C.A.
Stiúrthóir – 3
Aois 43
Ceaptha 1 Meitheamh, 2005

Is cuntasóir í Bean English a thosaigh a gairm beatha le Craig Gardner/Price Waterhouse agus chuaigh sí as sin go IBI Corporate Finance, soláthróir ceannródaíoch chomhairle airgeadais chorparáide. Bhí roinnt post ansin aici, lena n-áirítear Stiúrthóir Forbartha Gnó. Tá sí ina comhalta den Institiúid Stiúrthóirí, d'fhóin sí ar Bhoird roinnt chuideachtaí poiblí agus príobháideacha Éireannacha lena n-áirítear Bord na Móna plc agus Sherry Fitzgerald plc. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid St. Vincent's Healthcare Group Ltd. agus de chuideachtaí príobháideacha eile í faoi láthair.

Alan Sloane
Máistir Poist – Stiúrthóir – 2
Aois 48
Ceaptha 1 Eanáir, 2004
an dara téarma

D'oibrigh an tUasal Sloane i ngnó grósaera agus oifige poist an teaghlaigh ó 1976. Ceapadh ina mháistir poist ar oifig poist Loch Gamhna, Co. an Chabháin é i 1979. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar J.A.S. Limited freisin, gnó déantúsaíochta chuntair shlándála agus troscáin, a bhunaigh sé i 1985.

Peter Wyer, B.Comm., LL.B.
Stiúrthóir – 5,6
Aois 57
Ceaptha 4 Feabhra, 2003
an dara téarma

I dtús a shlí bheatha, d'oibrigh an tUasal Wyer ar feadh tamaill i mbaincéireacht mharsantach ach tá an chuid is mó dá shlí bheatha caite aige i ndíolacháin. Chuaigh sé le Arch Motors Limited i nGaillimh i 1976 agus i láthair na huaire is é Stiúrthóir Díolachán agus Rúnaí Cuideachta na cuideachta sin é. Tá sé ina stiúrthóir freisin ar roinnt cuideachtaí gaolmhara eile.

Faisnéis Chorparáideach

Rúnaí
Michael Tyndall

Oifig Chláraithe
Ard-Oifig an Phoist
Sráid Uí Chonaill
Baile Átha Cliath 1

Iniúchóirí
KPMG
Cuntasóirí Cairte

Baincéirí
Banc na hÉireann

Aturnaetha
Matheson Ormsby Prentice

Eochair do na Coistí Boird

1 – Iniúchadh agus Slándáil
2 – Airgeadas
3 – Seirbhísí Airgeadais
4 – Pearsanra
5 – Luach Saothair
6 – Straitéis

Ráiteas an Chathaoirligh

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Cobhsaíocht Airgeadais

Ba é príomhchuspóir straitéiseach An Post sa trí bliana atá caite ná an Chuideachta a bheith cobhsaí ó thaobh airgeadais de. Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2004 tríd an gcuspóir sin a bhaint amach agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn i 2005, agus is é an toradh a bhí air ná brabús réamhchánach de €40.9m mar aon le hiarmhéid airgid tirim de €185m ag deireadh na bliana.

Tá an toradh sin sásúil nuair a thógtar an timpeallacht iomaíoch laistigh den tionscal poist san áireamh. Tá aistriú airgeadas na Cuideachta mar thoradh ar dhícheall chomhoibrithe an Bhoird, an bhainistíocht agus foireann na Cuideachta féin. Cé go bhfuil an toradh dearfach áfach, ní féidir lagú ar na maidí. Ní bheidh mar a d'éirigh linn le dhá bhliain anuas le sonrú ach amháin má dhéantar na cláir athraithe ollmhóra a fheidhmiú go hiomlán agus má leanfar le hathrú agus éifeachtúlacht leanúnach lena chinntiú go mbeidh ár struchtúr costais níos iomaíche agus go mbeidh ár seirbhís iomchuí do gach custaiméir, idir chustaiméirí gnó agus pearsanta.

Is údar mór áthais don Bhord é staid airgeadais An Post ag deireadh 2005. Is é cuíchóiriú leanúnach phortfóilió maoine na Cuideachta agus a fochuideachtaí i 2004 agus 2005 is mó atá freagrach as an toradh dearfach seo. Ní mór a thabhairt ar aird áfach go mbeidh sciar suntasach den airgead sin riachtanach chun íoc as na pacáistí scaoilíocaíochta agus luathscoir atá soláthraithe sna cláir athraithe éagsúla atá comhaontaithe leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar fhoireann An Post.

Caidrimh Thionscail

Ba é nádúr fada na hidirbheartaíochtaí le ceardchumainn, maidir le cláir athraithe atá riachtanach do nuachóiriú na Cuideachta an ghné cheannasach i rith na bliana. Chruthaigh sin deacrachtaí, go hinmheánach agus go seachtrach araon, cé nár cuireadh isteach an iomarca ar chustaiméirí an méid agus is féidir. Faoi dheireadh na bliana, áfach, thángthas ar chomhaontú ar chláir athraithe ollmhóra le gach ceardchumann in An Post. Is é an dúshlán atá romhainn anois ná a chinntiú go mbogfaimid ar aghaidh le spiorad na comhoibríochta i ndáil le feidhmiú na gclár, ar mhaithe leis an gCuideachta. Cuideoidh an próiseas leis sin, próiseas atá faoi threoir an tUasal Peter Cassells, maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na nósanna imeachta do chomhchomhairle agus roinnt eolais a mbaineann brí leo ar fud An Post le súil agus comhpháirtíocht a chur chun cinn d'athrú laistigh den Chuideachta.

Taraifí Poist

Bhí deacrachtaí ann freisin le hiarrachtaí na Cuideachta, arduithe a chur ar na taraifí a ghearrtar ar na seirbhísí poist sin a thagann faoi dhualgas an rialtóra poist, ComReg. Níor eisigh ComReg cinneadh ar iarratas An Post maidir le hardú rátaí go dtí Nollaig 2005 agus níor shásaigh an cinneadh sin riachtanais na Cuideachta. Chinn an Bord Athbhreithniú Breithiúnach a lorg ar chinneadh ComReg.

Tréimhse agus Margaí Athraitheacha

Tá na príomhmhargaí ina bhfeidhmíonn An Post seirbhísí poist agus idirbhearta leochaileach i gcónaí d'ionadaíocht leictreonach. Is léir do líonra na n-oifigí poist go bhfuil níos lú agus níos lú pinsinéirí agus daoine eile a fhaigheann íocaíochtaí leasa ag roghnú a gcuid íocaíochta a fháil ag cuntair oifigí poist. Is amhlaidh an scéal do ghnó poist, tá laghdú ar líon an phríomhphost, go háirithe maidir le post idir gnólachtaí.

Freagra amháin ar na forbairtí sin do An Post ná iniúchadh a dhéanamh ar earnálacha gnó, maidir le conas na hinniúlachtaí atá i seilbh na Cuideachta a úsáid go maith. Tá seirbhísí airgeadais ar cheann de na réimsí sin

agus tá an Bord fíorshásta leis an dul chun cinn a rinneadh i 2005 lenár n-iontráil atá beartaithe sa mhargadh. Is é an toradh a bhí ar an dul chun cinn sin An Post a bheith rannpháirteach i ndíospóireachtaí ollmhóra le soláthróir seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, Fortis.

Saincheisteanna Cáilíochta

Bhí feidhmíocht maidir le seachadadh lá dar gcionn litreacha i 2005, mar a thomhas PricewaterhouseCoopers do An Post, 83.5%, sin i bhfad níos lú ná sprioc ComReg de 94%. Mar aitheantas ar an ngá atá le feabhas a chur ar cháilíocht seirbhíse, choimisiúnaigh an Bord P.A. Consulting Group i rith 2005 chun iniúchadh ó bhun go barr a dhéanamh maidir le cáilíocht na seirbhíse. Ag teacht as moltaí an iniúchta, tá Clár Feabhsúcháin á fheidhmiú faoi láthair.

Tionscnaimh Ollmhóra

De bharr an athraithe ollmhór a bheidh le baint amach ar fud na Cuideachta sa chéad chúpla bliain eile, ghlac an Bord le cur chuige bhainistiú tionscadal dian maidir le rialú agus cur i gcrích gach clár athraithe ollmhór. Ag baint úsáide as teicnící bhainistiú tionscadail sainmhínithe, tá sé de dhualgas ar Bhord Cláir Feidhmeannachta a chinntiú go mbainfear amach éifeachtúlachtaí atá comhaontaithe i gcláir éagsúla de réir na línte ama atá socraithe.

Mar fhreagra ar riachtanais bheartais phoiblí atá tugtha ar aird maidir le feasacht slándála ar fud na sochaí agus chun slándáil bhreise a sholáthar do mháistrí poist agus d'fhoirne cuntair, sheol An Post Tionscadal Feabhsúcháin Slándála ollmhór i rith 2005, a chlúdaíonn réimsí ar nós slándáil ag oifigí poist agus nósanna imeachta maidir le láimhseáil airgead tirim agus dáileadh. Is éard a bheidh i gceist leis an gclár caiteachas caipitil suntasach thart ar €15m, agus costais bhliantúla leanúnacha de €12m. Is tionscadal tosaíochta é feidhmiú na bhfeabhsúchán slándála agus is é rún an tionscadail an clár a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh 2006.

Ag Múnlú ár dTodhchaí

Cé go bhfuil cobhsaíocht airgeadais ag An Post arís, tuigeann an Bord nach mór don Chuideachta todhchaí inmharthana fadtéarmach a bhunú. Ní tasc éasca a bheidh anseo mar beidh ar An Post feidhmiú níos mó agus níos mó i margaí a bheidh lán le hiomaitheoirí a bheidh ag obair in earnálacha traidisiúnta agus leictreonacha araon. Ina thaobh sin, cheadaigh an Bord clár oibre maidir le Plean Straitéiseach nua a leagan amach i Nollaig 2005 – ceann a nascfaidh fócas leanúnach ar athrú agus ar éifeachtúlacht le béim níos mó ar fhreastal ar riachtanais chustaiméirí atá ag athrú.

Léirigh na cúpla bliain atá caite cé chomh deacair agus atá sé d'eagraíocht ar nós An Post glacadh le hathrú ollmhór agus le hathrú tosaíochta. Táim cinnte de nach bhféadfaidh athrú leanúnach tarlú san fhadtéarma ach amháin má bhíonn tacaíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí ar fad ag an gCuideachta. Táim ag tnúth, dá réir sin, comhpháirtíocht nua agus dearfach a bheith ann le geallsealbhóirí na Cuideachta leis an gcuspóir go mbeadh An Post inmharthanach ó thaobh airgeadais de agus go mbeidh tábhacht le An Post sa tsochaí i bhfad romhainn.

Tátal

Ba mhian liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mBord as an tslí dílis agus tiomanta a chomhlíon siad a gcuid dualgas i rith 2005. Glacaim buíochas freisin don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus a chuid oifigeach as a gcúnamh agus a dtacaíocht ar feadh na bliana.

Mar a léirigh mé níos luaithe, ba bhliain chrua a bhí i 2005 do An Post agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as a ndílseacht agus a n-obair chrua. Ar deireadh, thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Donal Curtin, Príomhfheidhmeannach, as an gceannaireacht agus an díogras a léirigh sé an Chuideachta a thabhairt ó ghéarchéim i 2003 go dtí staid airgeadais fheabhsaithe an lae inniu. Tá sé i gceist ag an Uasal Curtin An Post a fhágáil nuair a bheidh a chonradh thart an samhradh seo romhainn agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis agus gach ráth a ghuí ar ón mBord.

Margaret mc Ginley

Margaret McGinley
Cathaoirleach

23 Márta, 2006

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Donal Curtin
Príomhfheidhmeannach

Torthaí Airgeadais

Bhí feidhmíocht airgeadais An Post i 2005 mar chúis sásaimh dúinn uile atá ag obair sa Chuideachta. Tá brabús réamhchánach de €40.9m mar thoradh ar an ioncam mar aon le caiteachas buiséadaithe a bhaint amach. Nuair a nasctar feidhmíocht 2005 le feidhmíocht 2004 feictear go bhfuil roinnt cobhsaíochta bainte amach arís in airgeadas An Post. Bhí sé mar chroílár an Phlean Athshlánaithe Straitéiseach a cheadaigh an Bord i bhfómhar na bliana 2003, an seasamh sin a bhaint amach.

Cé gur cúis bróid iad na leibhéil mheasartha brabúis le dhá bhliain anuas, i ndáiríre oibríonn An Post i dtionscal le corrlach íseal agus d'fhéadfadh aon athraitheas diúltach nach mbeifí ag súil leis in ioncam nó i gcaiteachas a bheith mar chúis don Chuideachta filleadh ar staid ina mbeifí ag cailleadh airgid. Mar chosaint ina aghaidh sin, tá sé riachtanach nach maolófar ar na rialuithe costas atá á bhfeidhmiú laistigh den Chuideachta le dhá bhliain anuas. Sa bhreis air sin, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh an méid ioncaim is féidir a fháil ó na táirgí agus na seirbhísí atá ann cheana agus a bheith réidh chun deiseanna margaidh a thagann chun cinn a fhreagairt go tapaidh.

Tuairiscítear láimhdeachas i 2005 ag €752.9m, ardú €2.7m ar fhigiúr 2004. Caithfear féachaint ar an ardú beag sin i gcomhthéacs dhiúscairt dhá fhochuideachta i Márta 2005 – diúscairt a laghdaigh láimhdeachas i 2005 de réir €21.3m nuair a dhéantar comparáid le 2004. Tá dhá phointe thábhachtacha eile le tabhairt ar aird maidir leis an ioncam a thuairiscítear. Ar an gcéad dul síos, baineadh amach an buiséad in ainneoin nar tháinig an t-ardú a rabhthas ag súil leis i rátaí poist chun cinn. Ar an dara dul síos, agus an cúlra ann go bhfuil an eacnamaíocht buacach, treisíonn leibhéal an ardaithe lom na fírinne a thuilleadh, go bhfuil An Post ag oibriú go príomha i margaí atá ag fás ag ráta níos moille ná fás foriomlán na heacnamaíochta.

Coinníodh na costais oibriúcháin foriomlána laistigh den bhuiséad ag €734.4m cé gur íocadh na forálacha pá iomlána de chuid Chomhaontú ag Coinneáil an Dul Chun Cinn leis an bhfoireann. Baineadh an toradh sin amach trí chostais, idir chostais phá agus neamhphá a rialú go géar. Tá srian áfach, ar chumas An Post a chaiteachas neamhphá a choinneáil ag na leibhéil reatha agus caithfidh rialú na gcostas párolla a bheith mar an phríomhchloch ar phaidirín na Cuideachta i ndáil le tionscnaimh rialaithe costas.

Bhíothas sásta, ach go háirithe le feidhmíocht airgid thirim An Post i 2005. Tá an staid in airgead tirim ag deireadh na bliana an-dearfach agus rud atá tábhachtach maidir leis sin ná go bhfuil sé leordhóthanach chun na scéimeanna scaoilíocaíochtaí agus na scéimeanna luathscoir a bheidh á n-oibriú i mblianta amach anseo de réir mar a laghdaíonn feidhmiú na gclár athraithe an fhoireann a theastóidh i gcomhair oibríochtaí poist. Treisíodh staid An Post in airgead tirim le linn 2005 nuair a díoladh dhá fhochuideachta – PostTS UK Limited agus An Post Transaction Services S.A. – agus réadaíodh brabús de €59.3m ar a ndiúscairt le chéile.

Iomaíocht agus Rialáil

Le linn 2005 bhí An Post ag ullmhú don laghdú breise, ó Eanáir 2006, i méid an mhargaidh poist atá fágtha faoin gCuideachta. Ciallaíonn an laghdú sin sa réimse áirithinte go bhfuil 58% dár ngnó poist oscailte anois le haghaidh iomaíochta. I gcás den sórt sin éireoidh sé níos costasaí ar An Post gan dabht, a oibleagáidí mar Sholáthróir Seirbhíse Uilíoch a chomhlíonadh, agus gheobhaidh na deacrachtaí sin níos deacra sna blianta atá le teacht.

Mar chuid dá ullmhúchán don laghdú sa réimse áirithinte, rinne An Post iarratas ar ardú i rátaí poist le ComReg. Spreag an gá le hioncam leordhóthanach a chruthú an t-iarratas sin, le go gcuirfí ar chumas An Post a chuspóirí a chomhlíonadh, lena n-áirítear seirbhísí uilíocha a chur ar fáil d'úsáideoirí poist. In ainneoin na hidirghníomhaíochta leanúnach le ComReg le linn 2005, níor eisíodh cinneadh i leith iarratas An Post go dtí mí na Nollag agus níor fhreastail an cinneadh sin ar riachtanais na Cuideachta.

Os rud é nach bhfuil sásra achomharc i bhfeidhm, tháinig an Bord ar an tátal nach raibh le déanamh ach Athbhreithniu Breithiúnach a lorg ar chinneadh ComReg.

Tá líonra miondíola An Post comhdhéanta de thart ar 1,400 oifig phoist atá lonnaithe ar fud na tíre. Is ionann é agus an líonra miondíola is mó in Éirinn. Cuireann na hionaid sin raon leathan seirbhísí idirbheartaíochta ar fáil do dhaoine ag leibhéal áitiúil agus feiceann pobail iad mar ghné thábhachtach den infrastruchtúr sóisialta. Cé go bhfuil líon na n-idirbheartaíochtaí ag fás i roinnt mhaith de na seirbhísí a chuirimid ar fáil, tháinig laghdú breise de 4% ar an méid gnó a rinneadh thar ceann na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i 2005 i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh. Tugann sin léiriú soiléir ar an tábhacht atá le sruthanna nua ioncaim a fhorbairt do líonra na noifigí poist de réir mar a bheifear ag dul chun cinn. Is sa chomhthéacs sin a chuir an Chuideachta tús le bheith ag lorg oibriú i gcomhar le foras airgeadais bunaithe chun comhfhiontar a chruthú le raon seirbhísí agus táirgí airgeadais a chur ar fáil trí líonra na noifigí poist. Fáiltimid roimh an tacaíocht atá faighte againn ón Rialtas agus sinn ag leanúint leis an tionscnamh sin agus, cuireadh tús le caibidlíocht le Fortis, foras airgeadais mór de chuid na hÍsiltíre/na Beilge agus an tAthbhreithniú seo á scríobh, ar bhonn eisiach le súil agus cuideachta comhfhiontair a bhunú.

Comhaontuithe Athraithe

Ní bhíonn sé éasca riamh athrú mór a chur i bhfeidhm agus baineann deacracht leis sin go háirithe in eagraíocht cosúil le An Post a bhíodh ag feidhmiú i dtimpeallacht fhoscúil go dtí seo agus a chaithfidh anois feidhmiú i dtimpeallacht atá ag éirí níos iomaíche. Bhí an chuideachta i mbun caibidlíochta fada don chuid is mó de 2005, maidir le raon clár athraithe, leis na ceardchumainn ar fad a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann in An Post agus le Ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide (CWU), ach go háirithe.

Rinneadh dul chun cinn de réir a chéile le cúnamh ó fhorais chaidreamh poiblí de chuid an Stáit – an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Chúirt Oibreachais agus an Comhlacht Feidhmiúcháin Náisiúnta – a raibh comhaontú leis an CWU maidir leis an gclár is tábhachtaí de na cláir athraithe, an clár a bhaineann le post a bhailiú agus a sheachadadh mar thoradh ar an dul chun cinn sin faoi dheireadh.

Agus an comhaontú sin socraithe anois, níl aon bhac á chur ar ár bpróisis bhailithe agus seachadta poist, próisis arb iad na codanna is déine ar shaothar den ghnó iad, a ath-chruthú go radacach. Cé go bhfuil plean feidhmithe mionsonraithe curtha i dtoll a chéile, teastóidh tacaíocht agus comhoibriú iomlán na mball foirne a bhfuil a rólanna clúdaithe sa chlár. Tá súil agam go bhfaighfear an tacaíocht sin agus go mbeimid in ann oibriú le chéile chun an seasamh is fearr a bhaint amach do An Post i gcomhair na ndúshlán atá amach romhainn.

Tugadh cláir athraithe chun críche i rith 2005 freisin, le dhá cheardchumann eile; Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí (AHCPS) agus Cumann Feidhmiúcháin na Seirbhíse Poiblí (PSEU). Thángthas ar chomhaontú leis na ceardchumainn ar fad, le cúnamh ón gCúirt Oibreachais, maidir leis na harduithe pá a ndearnadh foráil dóibh faoi fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2005 – Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, a íoc.

Gan dabht, beidh athrú leanúnach mar fhreagra ar mhargadh a bheidh ag síorathrú ina ghnáthchuid den tsaol do An Post amach anseo. Gan amhras, is fearr an t-athrú sin a dhéanamh nuair a eascraíonn sé as caidreamh dearfach idir an Chuideachta agus na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar fhoireann An Post. Maidir leis an athrú sin agus i ndiaidh dúinn teacht ar chomhaontú leis an CWU maidir leis an gclár athraithe mór, athghníomhaíodh an próiseas le sásraí nua do roinnt faisnéise agus comhpháirtíocht laistigh de An Post. Tá súil agam go rachaidh an próiseas seo, leis an tUasal Peter Cassells mar éascaitheoir saineolach, i dtreo teacht ar cur chuige níos dearfaí maidir le hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

Caighdeán Seirbhíse

Bhí an fheidhmíocht maidir le litreacha a sheachadadh an lá dar gcionn i 2005 ag 83.5% arna tomhais go neamhspleách ag PricewaterhouseCoopers do An Post – i bhfad níos lú ná an sprioc de 94% ar chóir do An Post a bhaint amach dar le ComReg. Bhí an leibhéal seachadta sin, ar ábhar díomá é, mar thoradh go príomha ar na saincheisteanna caidrimh thionsclaígh leanúnacha a bhí fós sa Chuideachta i rith 2005, agus mar chuid níos lú de bharr roinnt deacrachtaí oibriúcháin mar thoradh ar athrú mór oibriúcháin, comhchruinniú post ag dul amach, a thabhairt chun críche – rud a phléitear thíos.

Tá leibhéal seachadta post an lae dar gcionn fós ar cheann de na bearta lárnacha feidhmíochta ag gach riarthóir poist agus tá a fhios againn uile in An Post nach mbeidh ár gcustaiméirí agus ar ngeallsealbhóirí eile sásta le níos lú ná feabhas suntasach sa réimse sin. Dá réir sin, coimisiúnaíodh

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leanúint

an Grúpa Comhairleach PA i rith 2005 chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ó bhun go barr na Cuideachta le súil agus an tslí a aithint ar féidir leis an gCuideachta leibhéal seachadta an lae dar gcionn, a bheidh comhsheasmhach agus inghlactha a chur ar fáil. Táthar ag cur moltaí an iniúchta i bhfeidhm i láthair na huaire agus seachadfaidh na moltaí sin chomh maith le hathruithe comhaontaithe i ndáil le cleachtas oibre a chur i bhfeidhm caighdeán níos fearr i 2006 agus sna blianta atá amach romhainn.

Forbairtí Tábhachtacha Eile

Bhí aird mhór ar shlándáil na maistrí poist agus a bhfoireann, foireann cuntair An Post agus foireann a mbíonn baint acu le hairgead tirim a aistriú i 2004/2005 agus na meáin ag clúdach robálacha airm, ar tharla roinnt díobh sin in oifigí poist. Bhunaigh An Post Tionscadal mór Feabhsúcháin Slándála mar chuid den fhreagairt comhordaithe a raibh baint ag an Rialtas, ag an nGarda Síochána agus ag na cuideachtaí a mbíonn airgead tirim a láimhseáil acu agus ba é an cuspóir a bhí leis sin slándáil in oifigí poist chomh maith le slándáil agus airgead á aistriú timpeall na tíre a fheabhsú. Léiríonn an tionscadal sin infheistíocht ollmhór ó An Post ach is infheistíocht í nach mór don Chuideachta a dhéanamh le slándáil fhoireann na Cuideachta, conraitheoirí na Cuideachta agus a bhfoireann chomh maith leis an airgead ar fad a bhíonn ag gluaiseacht, a chinntiú.

Bhaineamar clochmhíle oibriúcháin mhór amach le linn 2005 nuair a tugadh comhchruinniú post ag dul amach chun críche. Is éard a chiallaíonn sé sin ná go bpróiseáiltear gach mír phoist a sheoltar tríd an bpost in Éirinn ag ceann de na hIonaid Poist uathoibríocha atá lonnaithe go straitéiseach i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i bPort Laoise agus i mBaile Átha Luain. Le tabhairt chun críche chomhchruinniú poist bhíothas ábalta airgead a shábháilt de bhrí nach ndéantar an chéad shórtáil ar phost de láimh i go leor suíomhanna post ar fud na tíre a thuilleadh.

D'éirigh linn freisin ár ngnó beartán a ath-lánpháirtiú sa líonra príomhshrutha dáilte agus próiseála post i 2005. Tharla sin i ndiaidh cinneadh an Bhoird deireadh a chur leis na caillteanais mhóra san iar-rannán SDS agus aird a dhíriú ar ghnó aontaithe post. Lig tabhairt i gcrích lánpháirtiú an ghnó beartán do An Post a aird a dhíriú arís ar a chuid seirbhísí seachadta beartán a fhreastalaíonn ar Éire agus ar thíortha ar fud an domhain a chur chun cinn agus ar an bhfógraíocht i ndáil leo.

Bunaíodh Bord Feidhmiúcháin Clár de bharr líon agus scóip na gclár mór agus na dtionscadal a bhfuiltear ina mbun laistigh de An Post, chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht ilghnéitheach seo. Beidh an Bord Clár sin freagrach as a chinntiú go n-úsáidfidh na cláir ar fad teicnící bainistíochta tionscadal cruthaithe agus beidh baint ag an mBord, nuair is cuí, le deimhniú an bhfuil an t-athrú a comhaontaíodh déanta sula n-íocfar liúntais athraithe leis an bhfoireann.

Aghaidh ar an Todhchaí

In ainneoin go bhfuil cobhsaíocht airgeadais bainte amach ag An Post arís, is iomaí dúshlán atá os comhair na Cuideachta mas rud é go bhfuiltear ag iarraidh a bheith ábhartha dá custaiméirí idir chustaiméirí gnó agus pearsanta. Beidh an ionadaíocht leictreonach maidir le go leor de tháirgí seirbhísí lárnacha An Post mar bhagairt mhór don ghnó. Mar fhreagra, caithfidh An Post leanúint ar aghaidh ag díriú ar éifeachtúlacht agus glacadh le hathruithe atá dosheachanta.

Caithfidh An Post deiseanna nua margaidh a lorg freisin, leis an iontráil chuig margadh na seirbhísí airgeadais atá beartaithe ag an gCuideachta, mar shampla amháin atá le feiceáil. Ar an dóigh céanna, is aitheantas é fócas athnuaite An Post ar an margadh beartán i rith 2005 go bhfuil téascáin mhargaidh atá ag fás ann a bhfuil sé de chumas ag an gCuideachta éirí go maith iontu cé go bhfuil líon an phríomhphost ag laghdú.

Is léir go gcaithfidh An Post a bheith níos dírithe ar chustaiméirí. Agus an margadh sa lá atá inniu athraithe, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh baint ag na táirgí agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil le saol agus gnó ár gcustaiméirí ar fad. B'fhéidir gurb é sin an t-athrú aonair is mó a bheidh ar An Post a dhéanamh. Tá comharthaí ann cheana féin gur féidir an t-athrú sin a dhéanamh – is gné lárnach é tionchar ar chustaiméirí mar shampla de gach clár athraithe mór a bhfuiltear ina bhun in An Post. Ar ndóigh is faoi chustaiméirí An Post a bheidh sé ar deireadh thiar a chinneadh an bhfuil an Chuideachta fós ábhartha dóibh agus leis an fhírinne a rá is é sin an chaoi ar chóir do rudaí a bheith.



Donal Curtin
Príomhfheidhmeannach

23 Márta, 2006

Bainistíocht

Donal Curtin, B.E. (Leic.)
Príomhfheidhmeannach, Aois 58

Ceapadh an tUasal Curtain ina Phríomhfheidhmeannach i mí Iúil 2003, is comhalta é de Bhord An Post agus is é Cathaoirleach Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post freisin é. Sular thosaigh sé ag obair le An Post, bhí gairm bheatha shuntasach aige ar leibhéal bainistíochta sinsearaí agus oibríochta i BSL áit a raibh an post mar Stiúrthóir Tráchtála aige chomh maith le roinnt post ardleibhéil ina fhochuideachta – ESB International.

Larry Donald, B.A. (Eacnam.)
Príomhoifigeach Oibríochta, Aois 56

Thosaigh an tUasal Donald ag obair le An Post i mí Lúnasa 2003 agus ceapadh ina phost reatha é i mí Iúil 2004. Chaith sé formhór a ghairm bheatha i BSL áit ar oibrigh sé mar bhainisteoir sinsearach i bpoist éagsúla, lena n-áirítear Bainisteoir Gnóthaí Poiblí agus Rúnaí na Cuideachta agus Ceann Gnóthaí Corparáideacha.

Derek Kickham, B.E. (Leic.), M.I.E.I.
Stiúrthóir Tráchtála, Aois 46

Thosaigh an tUasal Kickham ag obair le An Post mar Stiúrthóir Tráchtála i mí Dheireadh Fómhair 2003. Tá taithí fhorleathan bainistíochta aige, in Éirinn agus thar lear, go háirithe in earnálacha áirgiúlachta na gcumarsáidí fuinnimh, fosaithe agus soghluaiste. Tá taithí as cuimse aige freisin i gcumaisc agus in éadálacha agus chuir sé go díreach le roinnt gnólachtaí suntasacha agus comhfhiontair a chruthú.

Patrick Knight, M.Sc. (Iompar Eagraíochtúil), F.C.I.P.D.
Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Aois 51

Thosaigh an tUasal Knight ag obair le An Post mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna i Márta 2004. Sula ndeachaigh sé le An Post, bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta Acmhainní Daonna le Waterford Crystal, ar thosaigh sé ag obair leo i 1986. Ansin, chuaigh sé trí roinnt rólanna sinsearacha Acmhainní Daonna in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. D'oibrigh sé roimhe sin freisin mar Oifigeach Pearsanra le Bord na Móna plc.

Peter Quinn, B. Comm., F.C.A., M.B.A.
Stiúrthóir Airgeadais Eatramhach, Aois 47

Thosaigh an tUasal Quinn le An Post i Lúnasa 2004. Roimhe sin bhí poist shinsearacha airgeadais agus straitéiseacha aige le PJ Carroll and Company plc agus Monaghan Mushrooms Limited. D'oibrigh sé roimhe sin i gcleachtas le KPMG.

Brian McCormick, B.E. (Meic.), M.B.A.
Stiúrthóir Seirbhísí, Aois 46

Thosaigh an tUasal McCormick ag obair le hOifig an Phoist i mBealtaine 2002 mar Stiúrthóir Straitéise agus ceapadh ina phost reatha é i mí Dheireadh Fómhair 2003. Sula ndeachaigh sé le An Post, bhí sé ina Stiúrthóir ar Merrion Corporate Finance agus d'oibrigh sé do CRH plc freisin.

Eoin Morgan
Stiúrthóir Bailithe agus Seachadta, Aois 51

Thosaigh an tUasal Morgan ag obair in Oifig an Phoist nuair a thosaigh sé ag obair leis an Roinn Poist agus Telegrafa i 1971 mar Chléireach Oifige Poist. I rith a ghairm bheatha fuair sé taithí fhorleathan ar gach gné de ghníomhaíochtaí Oifig an Phoist, ag sealbhú poist shinsearacha ar fud na Cuideachta sular ceapadh ina Stiúrthóir Bailithe agus Seachadta é i mí Iúil 2004.

Liam O'Sullivan
Stiúrthóir Próiseála Poist, Aois 39

Thosaigh an tUasal O'Sullivan ag obair le An Post i 1985 mar Chléireach Poist, agus le linn a shlí bheatha fuair sé taithí fhorleathan ar raon iomlán ghnó na hOifige Poist. Bhí poist éagsúla riaracháin agus bainistíochta aige sa Chuideachta sular ceapadh ina Stiúrthóir Próiseála Poist é i mí Iúil 2004.

Athbhreithniú Airgeadais

Forléargas Airgeadais

	2005	2004 *(athluaite do FRS17)*
	€m	€m
Láimhdeachas	752.9	750.2
Brabús/(caillteanas) oibriúcháin	16.2	(3.0)
Brabús don bhliain airgeadais	40.7	11.1

Is ionann an brabús oibriúcháin de €16.2m agus feidhmíocht fheabhsaithe ar 2004. Tá rialú costais saothair agus oibriúcháin ar an bpríomhghné arís ar an bhfeidhmíocht trádála feabhsaithe sin.

Léiríonn an brabús €40.7 don bhliain airgeadais tionchar na míreanna eisceachtúla; díolachán fochuideachtaí, a chur €59.3m le brabúis, agus costais athstruchtúrtha gnó bhreise de €40m.

Tá ráitis airgeadais 2005 ullmhaithe le cloí le ceanglais FRS 17 Sochair Scoir agus tá na torthaí don bhliain airgeadais roimhse seo athluaite dá réir sin. Déileáiltear le tionchar an athraithe sin i gcóireáil chuntasaíochta le nóta 25 do na ráitis airgeadais.

Láimhdeachas

Gan tionchar na bhfochuideachtaí a díoladh i rith na bliana san áireamh, d'ardaigh láimhdeachas 3.3% ar 2004. Tháinig an t-ardú sin chun cinn ó ioncaim ar phost idirnáisiúnta den chuid is mó. In ainneoin sin, leanann an tionchar ó liobrálachas agus iomaíocht mhéadaithe ó chórais mhalartacha leictreonacha de bheith ag cur brú ar ioncam poist. Le héifeacht ón 1 Eanáir, 2006, laghdaíodh an réimse áirithinte go dtí 50 gram agus 2.5 uair na tairaife poist caighdeánaí agus d'oscail an beart sin thart ar 58% d'ioncam poist An Post d'iomaíochas ón dáta sin.

D'fhan ioncaim ó sheirbhísí a bhí á gcur ar fáil trí oifigí poist mar a chéile i rith 2005. Léiríonn sin brúnna iomaíocha leanúnacha á mbrath sa mhargadh agus, go háirithe, deireadh le gnó idirbheartaíochtaí cuntair de bharr na gluaiseachta i dtreo modhanna íocaíochta leictreonacha.

Costais Oibriúcháin

Laghdaigh na costais iomlána oibriúcháin €16.5m. I gcomhthéacs arduithe pá de €38m a íocaíodh faoi Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, is gnóthachtáil suntasach é sin fiú agus €20m d'athstruchtúrú agus athlánpháirtithe i ndáil leis an ngnó beartán san áireamh i gcostais 2004 agus de bharr go bhfuil costais i 2005 €18.9m níos lú ná 2004 mar thoradh ar dhiúscairt na bhfochuideachtaí.

Tá, dá réir sin, fíor-laghdú eile sa leibhéal iomlán caiteachais sa bhreis ar an gcaiteachas a baineadh amach i 2004. Is cuspóir ríthábhachtach i gcónaí é bonn costais na Cuideachta a laghdú agus soláthraíonn an comhaontú le déanaí maidir le clár athraithe riachtanach an tslí chun an laghdú sin ar an mbonn costais a bhaint amach go leanúnach.

Diúscairt fochuideachtaí áirithe

I Márta 2005, cheadaigh an Bord dhá fhochuideachta, Post TS UK Limited agus An Post Transactions Services S.A., a dhiúscairt do chomaoin €82.7m glan ó chostais idirbhearta. Mar atá léirithe i nóta 4 sna ráitis airgeadais, is ionann an brabús a fuarthas ar an idirbheart sin, gan méideanna a coimeádadh in eascró san áireamh, agus €59.3m.

Forálacha Athstruchtúrtha

Thángthas ar chomhaontú leis an CWU maidir le feidhmiú athruithe cleachtais oibre sa phríomhghnó poist. Is é an toradh a bheidh air sin na costais go mbeidh costais á ngearradh de réir mar a imíonn daoine as fostaíocht faoi shocruithe scaoilíocaíochta agus socruithe luathscoir deonacha. Rinneadh muirear eisceachtúil breise de €40m do chostais athstruchtúrtha gnó i 2005 chun sin a léiriú.

Cánachas

Léiríonn an muirear cánach beag an cháin iníoctha ar bhrabúis thrádála sa Ríocht Aontaithe.

Caiteachas Capitil

Ba ionann caiteachas caipitil iomlán i 2005 agus €10.3m. Cé go raibh an leibhéal caiteachais sin níos airde ná 2004, tá sé fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí blianta roimhe sin, rud a léiríonn cuspóir an Phlean Athshlánaithe Straitéiseach, an méid agus is féidir a chur le luach sócmhainní sula ndéantar iad a athsholáthar.

Leachtacht

Bhí glan-insreabhadh airgid de €40.9m ag an nGrúpa ó oibriúcháin i rith na bliana, de thoradh den chuid is mó ar fheidhmíocht trádála feabhsaithe. In iomlán, ba é an insreabhadh airgid iomlán don bhliain ná €107.7m de bharr den chuid is mó insreabhadh ó chistí ó dhíolachán na bhfochuideachtaí. Cé go bhfuil arduithe ar an méid airgid amhail an 31 Nollaig, 2005, de bharr thrádáil fheabhsaithe agus dhiúscairt fochuideachtaí, beidh éilimh shuntasacha ar na hacmhainní airgid sin sa ghearrthéarma, go príomha chun na scaoilíocaíochtaí a íoc a thiocfaidh chun cinn de réir mar a bheidh na cláir athraithe éagsúla á bhfeidhmiú.

Níor baineadh leas as saoráidí rótharraingte, atá curtha ar bun ag An Post, i rith na bliana. Oibríonn feidhm chistíochta na Cuideachta faoi pholasaí atá ceadaithe ag an mBord. Tá an polasaí ar riosca íseal agus neamh-amhantrach agus is é príomhchuspóir na feidhme cistíochta a chinntiú go mbíonn fáil ar chistí do ghníomhaíochtaí trádála fad a bhaintear an leas is fearr as an toradh ar na hacmhainní airgid tirim atá ar fáil.

An Plean Athslánaithe Straitéiseach

Cé go léiríonn na torthaí do 2005 leanúint ar aghaidh den treocht ó 2004, tá feidhmiú an Phlean Athshlánaithe Straitéisigh mar chuspóir chriticiúil na Cuideachta i gcónaí. Sholáthar comhaontú ar an gclár athraithe atá istigh sa Phlean, an bunús d'fheidhmiú athruithe ar chleachtais oibre, agus is iadsan a chruthóidh na coigiltis riachtanacha do thodhchaí fhadtéarmach An Post.

Oibleagáid Seirbhíse Uilíoch (USO)

Ag leanúint Treorach faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002 (S.I.616 de 2002) a d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Chumarsáide (ComReg), an 23 Bealtaine, 2003, caithfidh An Post faisnéis a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch, lena n-áirítear an líon gearán agus an tslí a láimhseáiltear iad, a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil.

Ceanglais an USO

Faoi Rialachán 4 (2) (a) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002 (S.I.616 de 2002) "na Rialacháin", tá An Post ainmnithe mar sholáthróir seirbhíse uilíoch leis an oibleagáid seirbhís poist uilíoch a sholáthar.

Faoi Rialachán 4 (3) (a), tabharfaidh soláthróir seirbhíse uilíoch ráthaíocht, gach lá oibre agus ar feadh tréimhse nach lú ná 5 lá sa tseachtain, ach amháin in imthosca nó coinníollacha geografacha a mheasann ComReg a bheith eisceachtúil, mar íosmhéid:

(i) imréiteach amháin, agus

(ii) seachadadh amháin chuig teach nó áitreabh gach duine nádúrtha nó dlítheánach nó, trí mhaolú, faoi choinníollacha faoi lánrogha ComReg, seachadadh amháin chuig suiteálacha cuí.

Faoi Rialachán 4 (4), cuirfidh seirbhís uilíoch na saoráidí íosta seo a leanas san áireamh:

(a) imréiteach, sórtáil, iompar agus dáileadh ítimí poist suas go dtí 2 kg;

(b) imréiteach, sórtáil, iompar agus dáileadh pacáistí poist suas go dtí 20 kg;

(c) seirbhísí d'ítimí cláraithe;

(d) seirbhísí d'ítimí faoi árachas laistigh den Stát agus chuig agus ó gach tír, mar thíortha a shínigh Coinbhinsiún an Aontais Poist Uilíoch, a dhearbhaíonn go dtoileann siad míreanna den sórt sin a cheadú cibé go cómhalartach nó in aon treo amháin.

Faoi Rialachán 4(6), clúdóidh na seirbhísí uilíocha seirbhísí náisiúnta agus seirbhísí trasteorann araon.

Faoi Rialachán 5, comhlíonfaidh soláthróir seirbhíse uilíoch na ceanglais seo a leanas i ndáil le seirbhís uilíoch a sholáthar:

(a) tabharfaidh an tseirbhís ráthaíocht maidir le comhlíonadh na gceanglas bunúsach;

(b) tairgfear seirbhís chomhchosúil d'úsáideoirí faoi choinníollacha inchomparáide;

(c) cuirfear an tseirbhís ar fáil gan aon chineál idirdhealaithe dá laghad, go háirithe gan aon idirdhealú ag eascairt as breithnithe polaitiúla, creidimh nó idé-eolaíochta;

(d) ní chuirfear isteach ar an tseirbhís ná ní stopfar an tseirbhís ach amháin i gcásanna *force majeure*; agus

(e) athróidh an tseirbhís mar fhreagairt don timpeallacht theicniúil, eacnamaíoch agus shóisialta agus ag freagairt do riachtanais na n-úsáideoirí.

Rochtain ar Sheirbhísí Uilíocha

Soláthraíonn An Post rochtain ar sheirbhísí trí líonra de 88 oifig poist Cuideachta, 1,321 fo-oifig poist agus 161 gníomhaire poist. Sa bhreis air sin, tá ceadúnas ag 4,538 áitreabh miondíola le stampaí poist a dhíol. Chun rochtain fhisiciúil ar an tseirbhís a éascú, scaipeadh thart ar 5,000 bosca poist go forleathan ar fud an Stáit.

Taraifí

Seo a leanas achoimre de na praghsanna reatha do phríomhsheirbhísí le héifeacht ó 20 Feabhra, 2006.

Éire & TÉ	Litreacha *(suas go dtí C5)*	Clúdaigh Móra *(<100g)*	Pacáistí *(<100g)*	Beartáin *(<0.5kg)*
Post Caighdeánach <50g	48c	90c[1]	€2.00[1]	€6.00
Post Caighdeánach <100g	60c 50c (Ceadúnas) 55c (Méadar)	90c	€2.00	€6.00
Post Cláraithe*	€4.50	€4.50	€4.50	€9.50

[1] Ón 20 Márta, 2006.

** Clúdaíonn an táille iníoctha do sheirbhís bhunúsach cláraithe cúiteamh d'uasmhéid de €320. Tá cúiteamh breise go dtí uasteorainn de €1,500 ar fáil ar €4 agus go dtí uasteorainn de €2,000 ar €5 bunaithe ar an luach a bheidh fógartha ag tráth an phostála.*

Eile	<50g	<50g	<50g	<0.5kg
Post Caighdeánach	75c	€1.40	€2.50	€17.00 Ríocht Aontaithe €24.00 An Eoraip €20.00 An Chuid eile den Domhan
Post Cláraithe*	€4.75	€5.40	€6.50	€21.00 Ríocht Aontaithe €28.00 An Eoraip €24.00 An Chuid eile den Domhan

** Infhaighteacht na seirbhísí ag brath ar riarachán postais sa tír ceann scríbe. Cúiteamh suas go dtí €320 sa Ríocht Aontaithe; €150 san Eoraip; €100 do bheartáin agus €35 do litreacha lasmuigh den Eoraip.*

Tá faisnéis bhreise i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn An Post ar fáil ó Sheirbhísí do Chustaiméirí An Post ag 1850 57 58 59 nó ar *www.anpost.ie*.

Cáilíocht Seirbhíse

Shocraigh an Coimisiún Eorpach an caighdeán feidhmíochta cáilíochta do sheachadadh poist trasteorann ion-Chomhphobail agus aistríodh isteach i ndlí na hÉireann é faoi Rialachán 12(2) de na Rialacháin agus a Sceidil. Is mar seo a leanas an caighdeán cáilíochta d'ítimí poist den chatagóir caighdeáin is tapúla:

D+3: 85% d'ítimí D+5: 97% d'ítimí, áit a dtagraíonn D don lá postála.

Éilíonn na Rialacháin ar ComReg caighdeán seirbhíse a shocrú do phost baile agus ní mór don chaighdeán sin don phost baile a bheith i gcomhoiriúnacht leo sin do sheirbhísí trasteorann in-Chomhphobail. Tá sprioc feidhmíochta cáilíochta seirbhíse baile socraithe ag ComReg do phost tosaíochta píosa aonair baile mar seo a leanas:

D+1: 94% D+3: 99.5%.

Déanann PricewaterhouseCoopers (PwC) monatóireacht seirbhíse cáilíochta thar ceann An Post. Soláthraíonn monatóireacht PwC measúnú neamhspleách ar an bhfeidhmíocht seachadta náisiúnta a baineadh amach do gach litir, clúdaigh móra agus post pacáiste, leis an seoladh ceart, a cuireadh sa phost in Éirinn in am do sheachadadh an lae dar gcionn. Dheimhnigh an NSAI gur comhlíonadh monatóireacht PwC 2005 de réir an Chaighdeáin Eorpaigh chuí I.S. EN 13850:2002 ag úsáid dearadh staitisticí bunaithe ar staidéar poist fíor 1998 agus faisnéis chothrom le dáta ó Chórais Faisnéise Bainistíochta An Post. Ba iad na torthaí iomlána do monatóireacht PwC do 2005 ná 83.5% do sheachadadh D+1 agus 98.7% do sheachadadh D+3. Tá mionsonraí iomlána de na torthaí do mhonatóireacht PwC leagtha amach ar leathanach 25.

Déanann TNS/MRBI monatóireacht freisin thar ceann ComReg. Tá mionsonraí iomlána de thorthaí na monatóireachta sin ar fáil ó láithreán gréasáin ComReg, *www.comreg.ie*.

Oibleagáid Seirbhíse Uilíoch (USO) ar leanúint

Gearáin ó Chustaiméirí

I 2005, rinneadh 276,464 glao teileafóin chuig Roinn Seirbhísí do Chustaiméirí An Post. Ba ghnáthghlaonna nó fiosrúcháin ghinearálta iad sin níos mó ná a bheith ina ngearáin.

Tá sé de cheanglas ar An Post taifid a choinneáil de ghearáin ó chustaiméirí ag cur caighdeán Eorpach I.S.: EN 14012:2003 san áireamh. Tugann an tábla thíos briseadh síos ar na gearáin i scríbhinn a fuarthas ó chustaiméirí i rith 2005 i ndáil le hítimí phost litreach agus beartáin An Post (tabhair ar aird nach raibh tuairiscithe blianta roimhe sin ach gearáin i ndáil le post litreach). Leanann líon iomlán na ngearán i scríbhinn i 2005 de bheith ionadaíoch ar chodán fíorbheag den trácht iomlán phost a láimhseáladh i rith 2005, i.e. thart at 0.005%.

Gearáin i scríbhinn a fuarthas ó chustaiméirí	
Ítimí caillte nó damáistithe	17,890
Ítimí damáistithe	848
Ítimí ag teacht mall	1,828
Bailiúchán nó seachadadh poist:	
Am seachadta	242
Gan seachadadh laethúil a dhéanamh chuig teach nó áitreabh	109
Amanna bailiúcháin/Gan bailiúchán a dhéanamh	194
Mísheachadadh	1
Rochtain ar fhaisnéis seirbhíse custaiméirí	85
Post tearcíoctha	30
Taraifí do phoist píosa aonair/ scéimeanna agus coinníollacha lascaine	6
Ítimí Cláraithe	11,558
Athrú ar an seoladh (Athstiúradh)	16
Iompar agus inniúlacht an phearsanra poist	52
An tslí a ndéileáiltear le gearáin	23
Swiftpost	1,784
Exprès	725
Passport express	55
Eile (nach bhfuil san áireamh thuas)	1,062
Iomlán	**36,478**

Tá an Caighdeán Eorpach á athbhreithniú faoi láthair agus nuair a bheidh sé tugtha chun críche, tá sé i gceist ag An Post a nósanna imeachta seirbhíse do chustaiméirí a athbhreithniú i bhfianaise an chaighdeáin athbhreithnithe.

Ceanglaíonn ComReg ar An Post freisin Cód Cleachtais a fhoilsiú chun déileáil le gearáin ó chustaiméirí agus tá an Chuideachta ag obair faoi láthair le ComReg chun bailchríoch a chur ar an gCód sin.

Ardchaighdeán na Seirbhíse Poist – Náisiúnta

PricewaterhouseCoopers

Sonraíonn an Caighdeán Eorpach agus Éireannach, I.S. EN 13850:2002 Seirbhísí Poist – Caighdeán Seirbhíse – Am Iompair Seirbhísí Ceann go Ceann a Thomhas do Phost Tosaíochta Píosa Aonair agus go Phost den Chéad Grád (an caighdeán), na modhanna chun am iompair ceann go ceann a thomhas do litirphost píosa aonair baile. I rith na tréimhse 1 Eanáir, 2005 go dtí 31 Nollaig, 2005 rinne PricewaterhouseCoopers staidéar neamhspleách agus leanúnach ar chaighdeán na seirbhíse poist baile a seachadadh in Éirinn. Feidhmítear an staidéar seo de réir an chaighdeáin agus tá an staidéar ceaptha measúnú neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmíocht seachadta náisiúnta a baineadh amach do gach litir, clúdaigh móra agus post pacáiste, leis an seoladh ceart, a cuireadh sa phost in Éirinn in am do sheachadadh an lae dar gcionn. Tá an staidéar ionadaíoch ar an bpatrún poist agus ar raon méideanna litreacha, meáchain, modhanna íocaíochta amach agus cleachtais phoist éagsúla ghnólachtaí agus chustaiméirí príobháideacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair An Post mar léiriú ar phatrúin agus tréithe fíora an phoist baile in Éirinn.

Rinne An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) iniúchadh neamhspleách ar an staidéar agus eisíodh Deimhniú Comhlíonta, a léiríonn go rinneadh an staidéar de réir I.S. EN 13850:2002 i rith 2005. Tugann deimhniú NSAI ar aird go n-úsáideann an staidéar dearadh staitisticiúil bunaithe ar fhíorstaidéar poist 1998 a tugadh cothrom le dáta ó chórais fhaisnéise bhainistíochta An Post. Éilíonn an caighdeán go ndéanfaí fíorstaidéar poist ar a laghad uair amháin gach trí bliana. Tá clár d'fhíorstaidéir poist á dhéanamh ag An Post faoi láthair, beidh na torthaí ar fáil i rith 2006. Tabhartar aird freisin nár baineadh an phróifíl staitisticiúil (lena n-áirítear athraitheas ceadaithe) amach go hiomlán i 2005 i ndáil le tréithe ar leith, e.g. postáil ar an deireadh seachtaine. Mar sin féin, ní chuireann an t-athraitheas sin isteach ar bhailíocht na dtorthaí a léirítear thall.

Tá torthaí achoimre do sheachadadh an lae dar gcionn ar litreacha i rith 2005 curtha i láthair thíos ar leibhéal náisiúnta agus laistigh de Bhaile Átha Cliath agus an chuid eile den tír ("Cúigí"). Taifeadtar seachadadh an lae dar gcionn mar sheachadadh an chéad lá oibre eile tar éis an tráth deiridh postála is infheidhme don mholadh ionduchtúcháin agus don suíomh don mhír áirithe poist sin. Tá na torthaí ríofa de réir an chaighdeáin agus tugann léargas iontaofa go staitisticiúil de chaighdeán feidhmíochta seirbhíse an phoist bhaile in Éirinn don tréimhse staidéir, de réir na dteorainneacha beachtais cuí agus na sonraíochtaí deartha don chóras tomhais. Tá an staidéar deartha chun torthaí a thabhairt ag leibhéal náisiúnta a bheidh cruinn ag leibhéal muiníne staitisticiúil 95% go dtí laistigh de +/-0.5% go bliantúil. 43,557 méid bailí foriomlán na samplach do 2005.

	Ráithe an Mhárta	Ráithe an Mheithimh	Ráithe Mheán Fómhair	Ráithe na Nollag	Bliain
Baile Átha Cliath go Baile Átha Cliath	89.5%	87.0%	83.5%	76.8%	84.0%
Baile Átha Cliath go dtí na Cúigí	82.3%	80.9%	76.4%	66.1%	76.1%
Na Cúigí go dtí Baile Átha Cliath	90.2%	86.1%	84.3%	71.5%	83.2%
Na Cúigí go dtí na Cúigí	91.1%	90.5%	87.4%	79.2%	86.9%
Foriomlán	**88.2%**	**86.4%**	**83.8%**	**74.7%**	**83.5%**

Eisiúintí Stampaí agus Foilseacháin Bailithe Stampaí

D'eisigh an tSeirbhís Bailithe Stampaí 47 stampa speisialta agus comórtha i rith 2005. Bhí réimse leathan topaicí san áireamh sna hábhair a clúdaíodh agus áiríodh ann stampaí le ceiliúradh a dhéanamh ar ghradam Chorcaigh mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, an 150ú Comóradh ar Líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath – Béal Feirste agus Bliain Dhomhanda Fisice UNESCO. Rinneadh comheisiúint in Aibreán le Canada Post, ag comóradh Tearmainn Bhithsféir.

Eisíodh cúig stampa eile, ag léiriú bláthanna fiáine na hÉireann sa tsraith chinntitheach reatha. Tá an tsraith *Bláthanna Fiáine na hÉireann* ar an séú sraith chinntitheach a d'eisigh Oifig an Phoist ó 1922. Chomh maith leis sin, d'eisigh an tSeirbhís Bailithe Stampaí Pacáiste Bliantúil agus foilsíodh Blianiris ina bhfuil go leor faisnéise cúlra mionsonraithe agus taifead déanta de stampaí na bliana sin.

Innéacs do na Ráitis Airgeadais

28 Tuarascáil na Stiúrthóirí

31 Rialachas Corparáideach

38 Ráiteas na Stiúrthóirí ar na Córais Chuntasaíochta

39 Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

40 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

42 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách ar na Córais Chuntasaíochta

43 Beartais Chuntasaíochta

46 Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite

47 Ráiteas Comhdhlúite ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

48 Clár Comhardaithe Comhdhlúite

49 Clár Comhardaithe na Cuideachta

50 Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

51 Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

69 Achoimhre Airgeadais Cúig Bhliana

70 Staitisticí Oibriúcháin